AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA M.21T

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

# STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 5.20

*Ná freagair ach as AON CHÚRSA AMHÁIN (Cúrsa I nó Cúrsa II).*

Feicfear go bhfuil uasmhéid ama á mholadh do gach ceist ar leith. Tá am chun léitheoireachta agus chun athbhreithniúcháin le háireamh san uasmhéid sin.

# CÚRSA I

**Sibhialtacht an Renaissance**
**(Stair na hÉireann, 1477-1625; Stair na hEorpa, 1453-1618)**

Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F.**

Do stair na hÉireann a thagraíonn **A, B** agus **C;** do stair na hEorpa a thagraíonn **D, E** agus **F.**

## A

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 marc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

**1.** Cén fáth ar íoc áitreabhaigh an Pháil 'cíos dubh' le Gearaltaigh Chill Dara i ndeireadh an 15ú haois?

**2.** Cén fáth a raibh tábhacht ag baint le Lambert Simnel agus Perkin Warbeck i stair na hÉireann?

**3.** Mínigh cad a thuigtear leis an téarma *gallóglach*.

**4.** Tabhair cúis **amháin** gur thóg Anraí VIII an teideal 'Rí na hÉireann'.

**5.** Ainmnigh teaghlach Éireannach **amháin** a ghlac le teidil faoi théarmaí Géilleadh agus Athbhronnadh.

**6.** Tabhair cúis **amháin** ar cháin scríbhneoirí Sasanacha an aicme léannta ghairmiúil in Éirinn na nGael sa 16ú haois.

**7.** Ainmnigh modh **amháin** a d'úsáid na Túdaraigh agus iad ag iarraidh *galldú* a dhéanamh ar Éirinn.

**8.** Ainmnigh laige **amháin** san Eaglais in Éirinn i dtús an 16ú haois.

**9.** Cén fáth a raibh tábhacht ag baint le Gráinne Uí Mháille i stair Chonnacht?

**10.** Cén fáth ar ordaigh Sir John Perrot go ngabhfaí Aodh Rua Ó Dónaill sa bhliain 1587?

**11.** Cén fáth a raibh Richard Boyle, 1ú Iarla Chorcaí, tábhachtach sa stair?

**12.** Ainmnigh áit **amháin** san Eoraip inar bunaíodh coláistí Éireannacha i ndeireadh an 16ú haois agus i dtús an 17ú haois.

**13.** Cén fáth go ndeirtear go mba mhór iad na hathraithe a tháinig ar Stair na hÉireann de bharr Cath Chionn tSáile, 1601?

**14.** Ainmnigh **dhá** earra a onnmhairítí as Éirinn sa 16ú haois.

**15.** Scríobh síos fíric stairiúil **amháin** agus tuairim stairiúil **amháin** ó stair na hÉireann, 1477 – 1625.

## B

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** Bia, éadaí agus dídean (tithíocht) in Éirinn na nGael.

**2.** Parlaimint an Reifirméisin, 1536 – 1537.

**3.** Plandáil Laoise agus Uibh Fhailí.

**4.** Turas Sheáin Uí Néill go cúirt na banríona Eilís I.

**5.** Teitheadh na nIarlaí, 1607.

**6.** Mar a bhí ag na Caitlicigh i rith réimeas Shéamais 1, 1603 – 1625.

## C

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)

*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** Anraí VII agus an plé a bhí aige le Gearóid Mór sa tréimhse, 1485 – 1509.

**2.** Meath agus turnamh Theaghlach Chill Dara faoi Ghearóid Óg agus Tomás an tSíoda.

**3.** Na polasaithe creidimh a lean **gach** duine de na monarcaigh Thúdaracha seo a leanas in Éirinn:
**(i)** Éadbhard VI (1547 – 1553).
**(ii)** Máire Túdar (1553 – 1558).
**(iii)** Eilís I (1558 – 1603).

**4.** Reibiliúin Dheasmumhan i gCúige Mumhan, 1569 – 1583.

**5.** Aodh Ó Néill faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** a ghnímhréim i dtús ama.
**(ii)** An pháirt a ghlac se i gCogadh na Naoi mBliana.
**(iii)** Conradh Mellifont.

**6.** Plandáil Uladh faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** Cúiseanna leis an bplandáil.
**(ii)** An chaoi ar cuireadh an phlandáil i bhfeidhm.
**(iii)** Torthaí na plandála.

## D

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 marc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Cad é an tábhacht a bhain le pósadh Ferdinand agus Isabella sa Spáinn?
2. Cén **dá** theaghlach uaisle i Sasana a bhí in iomaíocht lena chéile i gCogadh na Rós?
3. Cén fáth a ndearna Séarlas VIII na Fraince ionradh ar an Iodáil sa bhliain 1494?
4. Cén fáth ar chuir muintir Fhlórans Savonarola chun báis sa bhliain 1498?
5. Cad é an t-ábhar a ndéantar cur síos air in 'An Prionsa' - leabhar de chuid Machiavelli?
6. Tabhair cúis **amháin** nár éirigh leis an Impire Séarlas V san fheachtas a rinne sé in aghaidh na dTurcach Otamánach.
7. Cad a bhí i gceist ag Calvin leis an téarma 'an dream atá tofa'?
8. Cad é an phríomhaidhm a bhí ag Comhairle Thrento?
9. Tabhair cúis **amháin** le héirí amach na hÍsiltíre i gcoinne na Spáinne.
10. Cén fáth ar tháinig meath ar an Veinéis mar ionad trádála i ndeireadh an 16ú haois?
11. Ainmnigh slí **amháin** inar chuidigh Cumann Íosa (na hÍosánaigh) leis an bhFrith-Reifirméisean.
12. Tabhair cúis **amháin** gur tharla ardú suntasach i bpraghas earraí san Eoraip sa 16ú haois.
13. Cad é an bhrí a bhí le 'cearta diaga ríthe' i dtús an 17ú haois i Sasana?
14. Cad a bhí i 'gComhcheilg an Phúdair', 1605?
15. Cén ghné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le duine **amháin** díobh seo a leanas: Miguel de Cervantes; Erasmus; Thomas More; William Harvey; John Knox; Nicolas Copernicus.

## E

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

1. Taiscéalaíocht agus coilíniú na bPortaingéileach i rith tréimhse do chúrsa, 1453 – 1618.
2. An tábhacht a bhain le forbairtí i gcúrsaí priontála.
3. An Gheinéiv le linn do Calvin a bheith ann.
4. Cath Lepanto, 1571.
5. Sár na Rúise Ivan IV ('an Uafáis').
6. Na cúiseanna a bhí leis an gCogadh Tríocha Bliain.

## F

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. An ghabháil agus an coilíniú a rinne na Spáinnigh ar an Domhan Nua faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:
   **(i)** Na modhanna a d'úsáid na Spáinnigh chun an Domhan Nua a ghabháil agus a choilíniú.
   **(ii)** An tionchar a bhí aige ar na daoine dúchasacha.
   **(iii)** An tionchar a bhí aige ar an Spáinn agus ar an Eoraip.
2. An Renaissance san Iodáil faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:
   **(i)** An chúis ar thosaigh an Renaissance san Iodáil.
   **(ii)** Forbairtí i bpéintéireacht agus in ailtireacht.
   **(iii)** An Renaissance sa chuid eile den Eoraip (lasmuigh den Iodáil).
3. An Reifirméisean sa Ghearmáin faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:
   **(i)** An chúis gur thosaigh an Reifirméisean sa Ghearmáin.
   **(ii)** Mar a scaip an Reifirméisean sa Ghearmáin.
   **(iii)** Síocháin Augsburg, 1555.
4. Sasana i rith réimeas na Banríona Eilís I (1558 – 1603).
5. An pháirt a ghlac Pilib II na Spáinne (1558 – 1598) i stair na hEorpa.
6. An tábhacht a bhain le hAnraí IV (Anraí Navarre) i stair na Fraince.

# CÚRSA II

**Sibhialtacht na Linne Seo**
**(Stair na hÉireann, 1868-1966; Stair na hEorpa, 1870-1966)**
Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F.**
Do stair na hÉireann a thagraíonn **A, B** agus **C;** do stair na hEorpa a thagraíonn **D, E** agus **F.**

## A

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 marc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

**1.** Cad a bhí sa 'Tionscnamh Nua' i bpolaitíocht na hÉireann sa bhliain 1879?

**2.** Ainmnigh aidhm **amháin** a bhí ag gluaiseacht Shinn Féin a bhunaigh Art Ó Gríofa sa bhliain 1905.

**3.** Ainmnigh tionscal **amháin** a bhí tábhachtach i mBéal Feirste sa tréimhse, 1870 - 1914.

**4.** Cérbh iad na *Invincibles* in octhóidí an 19ú haois in Éirinn?

**5.** Ainmnigh aidhm **amháin** a bhí ag Gluaiseacht na gComharchumann a bhunaigh Sir Horace Plunkett.

**6.** Ainmnigh gníomhaíocht **amháin** a d'úsáid Conradh na Gaeilge chun a chuid aidhmeanna a chur chun cinn.

**7.** Cad a tharla i mBaile Átha Cliath ar Dhomhnach na Fola, 21 Samhain, 1920?

**8.** Cén fáth ar bunaíodh Coimisiún na Teorann sa bhliain 1924?

**9.** Cad a bhí i 'Scéim na Sionainne' ag Ard na Croise a críochnaíodh sa bhliain 1929?

**10.** Cén fáth ar tharla Cogadh Eacnamaíoch idir Éire agus Sasana sa tréimhse, 1932 – 1938?

**11.** Cén fáth ar chaill Fianna Fáil olltoghchán na bliana 1948?

**12.** Maraíodh seachtar saighdiúir Éireannacha i luíochán Niemba sa Chongó sa bhliain 1960. Cén fáth a raibh saighdiúirí Éireannacha ar dualgas sa Chongó ag an am sin?

**13.** Ainmnigh duine **amháin** díobhsan a bhí ina Uachtarán ar Éirinn idir 1937 agus 1966.

**14.** Cén tionchar ar Éirinn a bhí ag 'Clár le haghaidh Forbairt Eacnamaíoch' (1958)?

**15.** Cén ghné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le duine **amháin** díobh seo a leanas: Anna Parnell; D. P. Moran; John Count McCormack; Siobhán McKenna; Christy Ring; Brendan Behan.

## B

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** Gladstone agus Éire.

**2.** Cumann Lúthchleas Gael.

**3.** Stailc agus Frithdhúnadh na bliana 1913.

**4.** Ceann **amháin** díobh seo a leanas:
**(i)** Imeachtaí Sheachtain na Cásca, 1916.
**(ii)** Bunú Thuaisceart Éireann, 1920.
**(iii)** Cogadh Cathartha na hÉireann, 1922 – 1923.

**5.** Na Léinte Gorma.

**6.** An Chéad Rialtas Idir-Pháirtí, 1948 – 1951.

## C

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** Ceist na Talún faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** Micheál Dáibhid agus bunú Chonradh na Talún.
**(ii)** Captaen Boycott.
**(iii)** Achtanna na Talún, 1881 – 1909.

**2.** An pháirt a ghlac **gach** duine díobh seo a leanas sa ghluaiseacht um Rialtas Dúchais:
**(i)** Isaac Butt.
**(ii)** C. S. Parnell.
**(iii)** Seán Réamonn.

**3.** Cogadh na Saoirse in Éirinn, 1919 – 1921.

**4.** Rialtas Chumann na nGaedheal, 1922 – 1932.

**5.** Éire, Thuaidh agus Theas, i rith an chogaidh, 1939 – 1945, faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** Neodracht na hÉireann i rith an chogaidh.
**(ii)** Dálaí sóisialta agus dálaí eacnamaíocha in Éirinn i rith an chogaidh.
**(iii)** Tuaisceart Éireann i rith an chogaidh.

**6.** An pháirt a ghlac Seán Lemass sa saol poiblí in Éirinn suas go dtí 1966.

## D

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 marc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

**1.** Sna blianta tar éis 1870, cén tionchar a bhí ag allmhairiú feola agus gráin ón Domhan Nua ar phraghasanna talmhaíochta san Eoraip?

**2.** Ainmnigh tionscal **amháin** a raibh tábhacht ag baint leis sa Ghearmáin sa tréimhse, 1870 – 1914.

**3.** Ainmnigh dul chun cinn **amháin** a rinneadh i gcúrsaí cumarsáide sa tréimhse, 1870 – 1914.

**4.** Sa tréimhse roimh 1914 thóg na Sasanaigh 'Dreadnoughts'. Céard a bhí in 'Dreadnought'?

**5.** Sa Chéad Chogadh Domhanda, cad a bhí i 'bhFronta an Iarthair'?

**6.** Tabhair cuis **amháin** gur tháinig Stáit Áontaithe Mheiriceá isteach sa Chéad Chogadh Domhanda sa bhliain 1917.

**7.** Ainmnigh deacracht **amháin** a bhí le réiteach sa Ghearmáin le linn do Rialtas Weimar a bheith i gceannas, 1919 – 1933.

**8.** Ainmnigh toradh tábhachtach **amháin** a tháinig as Conradh agus Concordáid Lateran a shíníodh idir Mussolini agus an Papa, Pius XI sa bhliain 1929.

**9.** Ainmnigh laige **amháin** a bhain le Conradh na Náisiún sa tréimhse, 1920 – 1939.

**10.** I nGearmáin na Naitsíoch cad a bhí i nDlíthe Nuremberg a ritheadh sa bhliain 1935?

**11.** I rith thríochaidí na haoise seo caite bhí polasaí 'géilleadh síthe' ag an mBreatain maidir le Gearmáin na Naitsíoch. Cad a thuigtear le 'géilleadh síthe'?

**12.** Cad a bhí sa 'Chuirtín Iarainn' mar thugtaí air san Eoraip i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda?

**13.** Ainmnigh limistéar talún **nó** tír thar lear ar tharraing Sasana **nó** an Fhrainc amach as idir 1945 agus 1966.

**14.** Sa tréimhse, 1945 – 1951, thug Rialtas an Lucht Oibre sa Bhreatain 'an Stát Leasa Shóisialta' isteach. Ainmnigh slí **amháin** ina raibh tionchar aige seo ar shaol na ngnáthdhaoine sa Bhreatain?

**15.** Cén ghné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le duine **amháin** díobh seo a leanas: Albert Einstein; Emily Pankhurst; Pablo Picasso; Enrico Caruso; Stanley Matthews.

## E

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** Na deacrachtaí a bhí le sárú ag an Impireacht Ostra-Ungarach, 1870 – 1914.

**2.** Coilíneachtaí Eorpacha thar lear, 1870 – 1914.

**3.** Conradh Versailles, 1919.

**4.** Cogadh Cathartha na Spáinne, 1936 – 1939.

**5.** An Cogadh Fuar san Eoraip.

**6.** Na Céimeanna Tosaigh in Aontacht na hEorpa anuas go dtí Conradh na Róimhe, 1957.

## F

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** Polasaí intíre agus polasaí eachtrach Bismarck.

**2.** An Fhrainc, 1870 – 1918, faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** Commune Pháras, 1870 – 1871.
- **(ii)** Scanail pholaitíochta sa Fhrainc, 1871 – 1914.
- **(iii)** An Fhrainc agus an Chéad Chogadh Domhanda, 1914 – 1918.

**3.** Réabhlóid na Rúise, 1917.

**4.** Adolf Hitler sa tréimhse, 1919 – 1939.

**5.** An Dara Cogadh Domhanda faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** Buamáil na Breataine (An Blitz).
- **(ii)** An Rúis Shóivéideach agus an Dara Cogadh Domhanda, 1941 – 1945.
- **(iii)** Dul i dtír sa Normáin agus Titim na Gearmáine, 1944 – 1945.

**6.** An Rúis Shóivéideach faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** An Rúis Shóivéideach faoi cheannas Lenin, 1917 – 1924.
- **(ii)** Polasaithe Stalin ar thalmhaíocht agus ar thionsclaíocht.
- **(iii)** An Rúis Shóivéideach faoi cheannas Nikita Khrushchev.